Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11544/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0196(BUD)**

**FIN 1015**
**INST 282**
**PE-L 21**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | An seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027 |

## I. RÉAMHRÁ

Is é atá i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2027 (**DB 2027**), mar a mhol an Coimisiún Eorpach é, na méideanna seo a leanas[1]:

– EUR 192 881.04 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **gealltanas**[2];

– EUR 202 567.56 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **íocaíochtaí**[2].

[1] Ní áirítear sna méideanna seo leithreasuithe dá bhforáiltear le haghaidh na hIonstraime Tacaíochta don Úcráin ná le haghaidh ionstraimí speisialta lasmuigh den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI). Má áirítear an Iasacht Tacaíochta don Úcráin agus na hionstraimí speisialta, is iad na leithreasuithe a shocraítear in DB 2027 ná EUR 199 905.12 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 211 974.72 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a fhágann corrlach EUR 476.95 milliún faoin uasteorainn ghealltanais agus corrlach EUR 500.78 milliún faoin uasteorainn íocaíochta le haghaidh 2027.

[2] Dá n-eascraíonn coigeartuithe clárshonracha dar luach EUR 2 597 milliún ó Airteagal 5 de Rialachán CAI.

I gcomparáid le buiséad 2026[3], is méadú +2.87 % ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus +4.92 % ar na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí iad na méideanna sin.

## II. AN CUR CHUIGE ARNA GHLACADH AG AN gCOISTE UM AN mBUISÉAD

Scrúdaíodh DB 2027 i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2026 ar bhonn na bprionsabal arna mbunú sna conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid le haghaidh 2027[4]. Go háirithe, is iad na treoirphrionsabail a bhí ann agus an seasamh reatha ón gComhairle á bhunú maidir le DB 2027 ná féachaint le buiséadú stuama réalaíoch a áirithiú agus acmhainní leormhaithe a chur ar fáil chun tacú le tosaíochtaí arna leagan amach go soiléir agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Aontas.

Dá bhrí sin, rinne an Coiste um an mBuiséad anailís mhionsonraithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh gach cláir agus gach gníomhaíochta de réir líne bhuiséid, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- leibhéal iomchuí chun na cláir a chur chun feidhme, agus béim á leagan ar a dtacaíocht oibríochtúil, trí mhéaduithe iomarcacha a sheachaint i gcomparáid leis an mbuiséad a vótáladh le haghaidh 2026;
- an cumas déileáil leis na teagmhais atá ann faoi láthair (na géarchéimeanna san Úcráin agus sa Mheánoirthear, agus brú na himirce); agus
- corrlaigh leordhóthanacha faoi uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) chun déileáil le cúinsí gan choinne.

Léirítear toradh mheasúnú an Choiste um an mBuiséad sa togra chun na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a choigeartú síos EUR 1 003.18 milliún.

3 Buiséid leasaitheacha Uimh. 1/2026 agus Uimh. 2/2026 san áireamh.
4 5755/26.

Moltar coigeartuithe spriocdhírithe ar (fho-)cheannteidil 1 (*An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha*), 2b (*Athléimneacht agus Luachanna*), 3 (*Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol*), 4 (*Imirce agus Bainistiú Teorainneacha*), 5 (*Slándáil agus Cosaint*) agus 6 (*An Chomharsanacht agus an Domhan*) chun próifíl roinnt clár a rianú trí mhéaduithe a laghdú i gcomparáid leis an mbuiséad a vótáladh le haghaidh 2026. Is é an sprioc atá ann buiséadú cruinn a áirithiú chun corrlaigh leordhóthanacha a chaomhnú le haghaidh riachtanais a thiocfaidh chun cinn in 2027 agus chun go n-urramófar oibleagáidí dlíthiúla, go háirithe maidir le costas úis Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, agus gan brú iomarcach a chur ar bhuiséid náisiúnta.

Moltar coigeartú áirithe i gcás fho-cheannteideal 2b (*Athléimneacht agus Luachanna*) maidir le líne Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI). Tá an moladh bunaithe ar chur chuige níos coimeádaí maidir le costais mhaoiniúcháin NextGenerationEU (NGEU). I gcomhréir le Rialachán athbhreithnithe CAI[5], agus leis an gcomhaontú san Idir-réiteach maidir le buiséid 2025 agus 2026 i ndáil leis an gcur chuige 50-50 atá le hurramú go bliantúil sa sásra cascáide, mhol an Coiste um an mBuiséad leithreasuithe roinnt clár a laghdú chun tuilleadh corrlach a chruthú. Leis an gcoigeartú atá beartaithe ar líne EURI, cuirtear teorainn freisin le húsáid na hIonstraime Solúbthachta agus Ionstraim EURI araon chun costais róchaiteachais a chumhdach.

Treoirphrionsabal a chuirtear i bhfeidhm go cothrománach is ea uasteorainn a chur ar na línte caiteachais tacaíochta (lena ndírítear ar chostais nach mbaineann le tuarastail) agus ar shainchumais an Choimisiúin ar leibhéal an bhuiséid a vótáladh le haghaidh 2026 (agus méadú 0 % ann le haghaidh 2027). Níl feidhm aige sin maidir le fo-cheannteideal 2a (*Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach*). A mhéid a bhaineann le Ceannteidil 4 (*Imirce agus Bainistiú Teorainneacha*) agus 5 (*Slándáil agus Cosaint*), níl feidhm ag an uasteorainn ach amháin maidir leis na línte caiteachais tacaíochta.

[5] Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

I gcás gníomhaireachtaí díláraithe a aicmítear faoi stádas 'luas cúrsála', cuirtear i bhfeidhm mar threoirphrionsabal go ndéanfar an méadú caiteachais a mholtar ina i leith in DB 2027 a uasteorannú go 2 %. Ní dhéantar coigeartú ar bhuiséid na ngníomhaireachtaí a aicmítear de réir stádas 'céimniú isteach' nó stádas 'cúraimí nua' ach amháin i gcás na *Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*, a bhfuil méadú suntasach ar a buiséad (+ 2.1 % agus EUR 23.20 milliún) fós ina thoradh ar an gcoigeartú atá beartaithe.

Moltar freisin coigeartú suas faoi cheannteideal 6 (*An Chomharsanacht agus an Domhan*) chun a áirithiú go mbeidh cabhair dhaonnúil leordhóthanach ar fáil in 2027.

A mhéid a bhaineann le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, de bharr an mheasúnaithe a rinne an Coiste um an mBuiséad, moladh go ndéanfaí an leibhéal a laghdú EUR 501.75 milliún. I gcás fho-cheannteideal 2a (*Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach*), moltar an leibhéal céanna leithreasuithe a choinneáil agus a bhí sa bhuiséad a vótáladh le haghaidh 2026. Eascraíonn na laghduithe faoi (fho-)cheannteidil 1, 2b, 3, 4, 5 agus 6 as méid comhréireach a chomhfhreagraíonn do na coigeartuithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na coigeartuithe ar leithreasuithe neamhdhifreáilte (LNanna).

Déantar ráiteas ón gComhairle maidir le híocaíochtaí a thaifeadadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

A mhéid a bhaineann le caiteachas riaracháin faoi cheannteideal 7, chuir an Coimisiún cur chuige cothrománach i bhfeidhm agus laghdaigh sé buiséid uile na n-institiúidí chun a threoracha a chomhlíonadh. Tríd an méid sin a dhéanamh, rinne an Coimisiún buiséid na n-institiúidí a ailíniú le hionchais na Comhairle, go háirithe maidir le leibhéil chobhsaí foirne agus méadú teoranta ar chaiteachas nach mbaineann le tuarastail. Léirítear toradh mheasúnú an Choiste um an mBuiséad sa mholadh maidir le leibhéal a choigeartú síos EUR 8.55 milliún. Eascraíonn an laghdú sin as deireadh iomlán a bheith á chur le leithreasuithe le haghaidh 2027 i gcás *Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT)*, ar gníomhaireacht fhéinmhaoinithe é (-EUR 8.55 milliún).

Déantar ráiteas ón gComhairle maidir le ceannteideal 7 (*Riarachán Poiblí Eorpach*) a thaifeadadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

## III. <u>TORADH IMEACHTAÍ AN CHOISTE UM AN mBUISÉAD</u>[6,7]

Ar bhonn an chur chuige thuas, thángthas ar chomhaontú i ndáil leis an seasamh ón gComhairle maidir le DB 2027 a mbeadh na méideanna seo a leanas, cé is moite de na leithreasuithe dá bhforáiltear le haghaidh ionstraimí speisialta lasmuigh de CAI, i gceist leis:

– EUR 191 877.86 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **gealltanas**;

– EUR 202 065.80 milliún i leithreasuithe faoi chomhair **íocaíochtaí**.

Comhfhreagraíonn méid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dá bhforáiltear sa seasamh ón gComhairle maidir le DB 2027 do 1.00 % d'ollioncam náisiúnta (ONI) an Aontais.[8]

I ndáil leis an méid sin, moltar na coigeartuithe seo a leanas a dhéanamh ar dhréachtbhuiséad 2027:

### *A. <u>CAITEACHAS DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI 2021-2027</u>*

#### 1. <u>An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha</u> (ceannteideal 1 de CAI)[9]

– leibhéal na <u>leithreasuithe faoi chomhair gealltanas</u> a bhunú, agus é mar aidhm laghdú iomlán -EUR 435.53 milliún a dhéanamh ar na leithreasuithe a iarrtar in DB 2027 agus a leithdháiltear ar líon línte buiséid sonracha, lena n-áirítear caiteachas oibríochtúil agus tacaíochta, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **01 - Taighde agus Nuálaíocht** (-EUR 312.15 milliún, dá ndáilfear -EUR 231.47 milliún ar *Fís Eorpach*, -EUR 10.68 milliún ar *Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom* agus -EUR 70.00 milliún ar an *Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER)*),

---

[6] Leagtar amach tábla achoimre ar thoradh na n-imeachtaí in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hAguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

[7] Tá na torthaí mionsonraithe a bhaineann leis na réimsí beartais éagsúla in Iarscríbhinní 2 go 6 d'Aguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

[8] Bunaithe ar réamhaisnéis mhí na Bealtaine 2026 ar ONI.

[9] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2027 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 d'Aguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

- **02 - Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha** (-EUR 109.54 milliún, dá ndáilfear -EUR 10.00 milliún ar *SCE-Fuinneamh*, -EUR 43.60 milliún ar *SCE-Seirbhísí Digiteacha*, -EUR 55.00 milliún ar an g*Clár don Eoraip Dhigiteach*, -EUR 0.48 milliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon *an Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) (02 10 05)* agus -EUR 0.46 milliún ar *Ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*),

- **03 – An Margadh Aonair** *(*-EUR 3.54 milliún, dá ndáilfear -EUR 2.34 milliún ar *Chlár an Mhargaidh Aonair (lena n-áirítear FBManna)* agus -EUR 1.20 milliún ar *Chlár Frithchalaoise an Aontais*,

- **04 – Spás** (-EUR 10.30 milliún ar an g*Clár Spáis Eorpach*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas arna mholadh ag an gCoimisiún;

– leibhéal na <u>leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí</u> a leagan síos, lena laghdaítear na leithreasuithe a iarradh in DB 2027 faoi mhéid iomlán -EUR 159.36 milliún, mar thoradh ar choigeartuithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas maidir le línte buiséid sonracha, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **01 - Taighde agus Nuálaíocht** (-EUR 113.43 milliún, dá ndáilfear -EUR 85.67 milliún ar *Fís Eorpach*, -EUR 4.46 milliún ar *Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom* agus -EUR 23.30 milliún ar an *Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER)*),

- **02 - Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha** (-EUR 40.13 milliún, dá ndáilfear -EUR 3.33 milliún ar *SCE-Fuinneamh*, -EUR 14.50 milliún ar *SCE-Seirbhísí Digiteacha*, -EUR 21.66 milliún ar an g*Clár don Eoraip Dhigiteach*, -EUR 0.48 milliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon *an Ghníomhaireacht um Thacaíocht do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) (02 10 05)* agus -EUR 0.16 milliún ar *Ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*),

- **03 – An Margadh Aonair** *(*-EUR 2.20 milliún, dá ndáilfear -EUR 1.80 milliún ar *Chlár an Mhargaidh Aonair (lena n-áirítear FBManna)* agus -EUR 0.40 milliún ar *Chlár Frithchalaoise an Aontais*),

- **04 – Spás** (-EUR 3.60 milliún ar an g*Clár Spáis Eorpach*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 614.02 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 1.

2. **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna (ceannteideal 2 de CAI)**[10]

(a) Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach (fo-cheanntheideal 2a de CAI)

– glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí araon faoi mar atá siad in DB 2027 (EUR 58 483.39 milliún agus EUR 64 727.19 milliún faoi seach), faoi mar a mhol an Coimisiún iad;

– is é EUR 0.61 milliún **an corrlach a bheadh ar fáil** faoi fho-cheannteideal 2a, faoi mar a mhol an Coimisiún.

[10] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2027 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 d’Aguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

(b) Athléimneacht agus Luachanna (fo-cheannteideal 2b de CAI)

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, agus é mar aidhm laghdú iomlán -EUR 523.14 milliún a dhéanamh ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2027 maidir le líon línte buiséid sonracha, lena n-áirítear caiteachas oibríochtúil agus tacaíochta, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **06 - Téarnamh agus Athléimneacht** (-EUR 283.50 milliún, dá ndáilfear -EUR 60.00 milliún ar *an tSaoráid Eorpach Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil*, -EUR 0.20 milliún ar *Chosaint an euro ar ghóchumadh ('clár Pericles IV')*, -EUR 180.00 milliún ar *Chostas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú* agus -EUR 43.30 milliún ar *EU4Health*),

  - **07 - Infheistiú i nDaoine, Lánpháirtiú Sóisialta agus Luachanna** (-EUR 239.64 milliún, dá ndáilfear -EUR 159.00 milliún ar *Erasmus+*, -EUR 0.18 milliún ar an g*Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach*, -EUR 31.60 milliún ar *Eoraip na Cruthaitheachta*, -EUR 39.20 milliún ar an g*Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna*, -EUR 8.97 milliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon an *Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (07 10 03)*, an *Foras Eorpach Oiliúna (07 10 06)*, *an tÚdarás Eorpach Saothair (07 10 09)* agus *Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (07 10 08)*, agus -EUR 0.70 milliún ar *Ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas arna mholadh ag an gCoimisiún;

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú -EUR 305.58 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2027, mar thoradh ar na laghduithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **06 - Téarnamh agus Athléimneacht** (-EUR 216.30 milliún, dá ndáilfear -EUR 20.00 milliún ar *an tSaoráid Eorpach Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil*, -EUR 0.20 milliún ar *Chosaint an euro ar ghóchumadh ('clár Pericles IV')*, -EUR 180.00 milliún ar *Chostas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú* agus -EUR 16.10 milliún ar *Chlár EU4Health*),

- **07 - Infheistiú i nDaoine, Lánpháirtiú Sóisialta agus Luachanna** (-EUR 89.28 milliún, dá ndáilfear -EUR 56.30 milliún ar *Erasmus+*, -EUR 0.18 milliún ar an g*Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach*, -EUR 10.53 milliún ar *Eoraip na Cruthaitheachta*, -EUR 13.08 milliún ar an g*Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna*, -EUR 8.97 milliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon an *Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (07 10 03)*, an *Foras Eorpach Oiliúna (07 10 06)*, *an tÚdarás Eorpach Saothair (07 10 09)* agus *Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (07 10 08)*, agus -EUR 0.23 milliún ar *Ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna mholadh ag an gCoimisiún;

– ós rud é **nach mbeadh aon chorrlach** ar fáil faoi fho-cheannteideal 2b, moltar an Ionstraim Solúbthachta a shlógadh le haghaidh EUR 1 506.81 milliún (-EUR 433.14 milliún) agus Ionstraim EURI a shlógadh le haghaidh EUR 2 369.84 milliún (-EUR 90.00 milliún).

3. **Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** (ceannteideal 3 de CAI)[11,12]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, agus é mar aidhm laghdú iomlán -EUR 12.55 milliún a dhéanamh ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2027, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **08 – Beartas Talmhaíochta agus Muirí (**-EUR 0.92 milliún, dá ndáilfear -EUR 0.60 milliún ar an g*Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)* agus -EUR 0.32 milliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (08 10 01)*);

- **09 - An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** (-EUR 11.63 milliún, dá ndáilfear -EUR 10.18 milliún ar an g*Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)* agus -EUR 1.45 milliún ar *Ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*);

---

11 Déanfar scrúdú breise ar an togra i gcomhthéacs na litreach bliantúla leasaithí lena nuashonraítear na riachtanais agus na leithreasuithe measta le haghaidh caiteachas talmhaíochta, mar a leagtar amach sa ráiteas ón gComhairle maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtaifeadadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

12 Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2027 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 d'Aguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

- i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas arna mholadh ag an gCoimisiún;

- leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú -EUR 5.20 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2027, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **08 – Beartas Talmhaíochta agus Muirí (**-EUR 0.92 milliún, dá ndáilfear -EUR 0.60 milliún ar an g*Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe* (CEMID) agus -EUR 0.32 milliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon an *Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (08 10 01)*);

  - **09 - An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide** (-EUR 4.28 milliún, dá ndáilfear -EUR 3.78 milliún ar an g*Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)* agus -EUR 0.50 milliún ar *Ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*);

- i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna mholadh ag an gCoimisiún;

- is é EUR 93.06 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 3.

## 4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha (ceannteideal 4 de CAI)[13]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, agus é mar aidhm laghdú iomlán -EUR 12.90 milliún a dhéanamh ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2027, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **10 – Imirce** *(*-EUR 2.90 milliún, dá ndáilfear -EUR 0.60 milliún ar g*Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL)* agus -EUR 2.30 milliún ar *ghníomhaireachtaí díláraithe*, eadhon *an Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (10 10 01)*);

- **11 - Bainistiú Teorainneacha** (-EUR 10.00 milliún ar an n*Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (11 10 01)*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas arna mholadh ag an gCoimisiún;

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú -EUR 7.90 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2027, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **10 – Imirce** *(*-EUR 2.90 milliún, dá ndáilfear -EUR 0.60 milliún ar g*Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL)* agus -EUR 2.30 milliún ar *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (10 10 01)*);

- **11 - Bainistiú Teorainneacha** (-EUR 5.00 milliún ar an n*Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (11 10 01)*);

[13] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2027 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 d'Aguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 116.60 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 4.

5. **Slándáil agus Cosaint (ceannteideal 5 de CAI)**[14]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, agus é mar aidhm laghdú iomlán -EUR 11.52 milliún a dhéanamh ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2027, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **12 - Slándáil** (-EUR 11.12 milliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon *Lárionad an Aontais um Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí (12 10 04)*);

- **13 - Cosaint** (-EUR 0.40 milliún ar an g*Ciste Eorpach Cosanta (Ábhar nach Taighde)*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas arna mholadh ag an gCoimisiún;

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú -EUR 11.52 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh i ndréachtbhuiséad 2027 mar thoradh ar na laghduithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **12 - Slándáil** (-EUR 11.12 milliún ar ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon *Lárionad an Aontais um Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí (12 10 04)*);

- **13 - Cosaint** (-EUR 0.40 milliún ar an g*Ciste Eorpach Cosanta (Ábhar nach Taighde)*);

[14] Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le DB 2027 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 d'Aguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 25.12 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 5.

**6. An Chomharsanacht agus an Domhain (ceannteideal 6 de CAI)**[15]

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhunú, agus é mar aidhm méadú iomlán EUR 1.01 milliún a dhéanamh ar na leithreasuithe a iarrtar in DB 2027 agus a leithdháiltear ar línte buiséid sonracha a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **14 - Gníomhaíocht Sheachtrach** (+EUR 2.08 milliún, dá ndáilfear -EUR 4.70 milliún ar an *Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda*, +EUR 9.82 milliún ar *Chabhair Dhaonnúil (HUMA)* agus -EUR 3.04 milliún ar *Ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*);

- **15 - Cúnamh Réamhaontachais** (-EUR 1.07 milliún, dá ndáilfear -EUR 0.87 milliún ar *Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)* agus -EUR 0.20 milliún ar *an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar)*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas arna mholadh ag an gCoimisiún;

15 Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2027 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 d'Aguisín 2 a ghabhann leis an doiciméad seo.

– leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a leagan síos, lena ndéantar laghdú -EUR 3.65 milliún san iomlán ar na leithreasuithe a iarradh in DB 2027, mar thoradh ar na coigeartuithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

  - **14 - Gníomhaíocht Sheachtrach** (-EUR 2.57 milliún, dá ndáilfear -EUR 4.70 milliún ar an *Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda*, +EUR 3.12 milliún ar *Chabhair Dhaonnúil (HUMA)* agus -EUR 0.99 milliún ar *Ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoi shainphribhléidí an Choimisiúin agus faoi na saininniúlachtaí a thugtar don Choimisiún*);

  - **15 - Cúnamh Réamhaontachais** (-EUR 1.07 milliún, dá ndáilfear -EUR 0.87 milliún ar *Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)* agus -EUR 0.20 milliún ar *an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar)*);

– i gcás na línte buiséid eile sa réimse beartais sin, glacadh le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna mholadh ag an gCoimisiún;

– is é EUR 540.71 milliún an **corrlach a bheadh ar fáil** faoi cheannteideal 6.

7. **<u>An Riarachán Poiblí Eorpach</u>** (ceannteideal 7 de CAI)[16]

**(a) <u>Roinn I – Parlaimint na hEorpa</u>**

Maidir le **Parlaimint na hEorpa**, moltar DB 2027 (Roinn I) a fhormheas mar atá sé (EUR 2 654.27 milliún).

**(b) <u>Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle</u>**

Maidir leis an g**Comhairle Eorpach agus an Chomhairle**, moltar DB 2027 (Roinn II) a fhormheas mar atá sé (EUR 752.72 milliún).

**(c) <u>Roinn III – An Coimisiún Eorpach</u>**

Moltar suim fhoriomlán EUR 4 682.86 milliún i gcomhair **chaiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh** (lena n-áirítear OF, OLAF, EPSO, PMO, OIB agus OIL).

Moltar laghdú spriocdhírithe trí laghdú sonrach a chur i bhfeidhm ar na leithreasuithe a bhaineann le h*Ionad Aistriúcháin chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh* (-EUR 8.55 milliún).

Glactar leis an tsuim fhoriomlán EUR 3 466.02 milliún do **Scoileanna Eorpacha agus Pinsin** mar atá sé in DB 2027.

***Oifig na bhFoilseachán (OF)***

Maidir le h**Oifig na bhFoilseachán**, moltar DB 2027 a fhormheas mar atá sé (EUR 124.05 milliún).

---

16 Leis na méideanna, eisiatar ranníocaíochtaí na n-institiúidí leis na Scoileanna Eorpacha (Cineál 2). Déantar na hathruithe mionsonraithe i gcomparáid le dréachtbhuiséad 2027 a mhéid a bhaineann leis na figiúirí de réir cheannteideal CAI a thaifeadadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hAguisín 2.

*An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)*

Maidir leis an **Oifig Eorpach um Roghnú Foirne**, moltar DB 2027 a fhormheas mar atá sé (EUR 30.95 milliún).

*An Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla (PMO)*

Maidir leis an **Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla**, moltar DB 2027 a fhormheas mar atá sé (EUR 61.53 milliún).

*An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB)*

Maidir leis **an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil**, moltar DB 2027 a fhormheas mar atá sé (EUR 106.77 milliún).

*An Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg (OIL)*

Maidir leis **an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg**, moltar DB 2027 a fhormheas mar atá sé (EUR 34.63 milliún.)

*An Oifig Eorpach Frithchalaoise (OLAF)*

Maidir leis **an Oifig Eorpach Frithchalaoise**, moltar DB 2027 a fhormheas mar atá sé (EUR 74.66 milliún).

**(d) <u>Roinn IV – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh</u>**

Maidir le **Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**, moltar DB 2027 (Roinn IV) a fhormheas mar atá sé (EUR 555.08 milliún).

(e) **Roinn V – Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**

Maidir le **Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**, moltar DB 2027 (Roinn V) a fhormheas mar atá sé (EUR 205.67 milliún).

(f) **Roinn VI – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Maidir le **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**, moltar DB 2027 (Roinn VI) a fhormheas mar atá sé (EUR 183.12 milliún).

(g) **Roinn VII – Coiste Eorpach na Réigiún**

Maidir le **Coiste Eorpach na Réigiún**, moltar DB 2027 (Roinn VII) a fhormheas mar atá sé (EUR 138.75 milliún).

(h) **Roinn VIII – An tOmbudsman Eorpach**

Maidir leis **an Ombudsman Eorpach**, moltar DB 2027 (Roinn VIII) a fhormheas mar atá sé (EUR 16.63 milliún).

(i) **Roinn IX – An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Maidir leis **an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**, moltar DB 2027 (Roinn IX) a fhormheas mar atá sé (EUR 30.26 milliún).

(j) **Roinn X – An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**

Maidir leis **an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**, moltar DB 2027 (Roinn X) a fhormheas mar atá sé (EUR 965.36 milliún).

Maidir le **leibhéil foirne**, moltar glacadh leis na pleananna bunaíochta in DB 2027 mar atá molta ag an gCoimisiún.

Ós rud é **nach mbeadh aon chorrlach** ar fáil faoi cheannteideal 7, moltar an Ionstraim Corrlaigh Aonair a shlógadh le haghaidh EUR 398.73 milliún san iomlán (-EUR 8.55 milliún, i gcomparáid leis na leithreasuithe a iarradh in DB 2027) le haghaidh chaiteachas riaracháin na n-institiúidí, chun go mbeidh na hinstitiúidí in ann a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh.

Déantar ráiteas ón gComhairle maidir le ceannteideal 7 (*Riarachán Poiblí Eorpach*) a thaifeadadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

## *B.* ***IONSTRAIMÍ SPEISIALTA***

Moltar go gcoinneofaí na leithreasuithe a iontráladh in DB 2027 don Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála, don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus do Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Socraíodh na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a cuireadh isteach in DB 2027 le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta ag EUR 1 990.18 milliún mar a mholtar in DB 2027. Tá na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh na hIonstraime Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1)(a) de Rialachán CAI) socraithe ag EUR 1 035.39 milliún, mar a mholtar in DB 2027. Tá na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas don Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1)(c) de Rialachán CAI) socraithe ag EUR 322.99 milliún (-EUR 441.69 milliún, i gcomparáid leis na leithreasuithe a iarradh in DB 2027).

## *C.* ***IONCAM***

A mhéid a bhaineann le hioncam, moltar glacadh le DB 2027 tar éis na gcoigeartuithe teicniúla a eascraíonn as na hathruithe a rinneadh ar chaiteachas sa seasamh ón gComhairle.

Déantar ráiteas ón gComhairle maidir le ríomh na ‘ranníocaíochtaí náisiúnta’ a thabhairt isteach athuair a thaifeadadh in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

## *D. GNÉITHE GINEARÁLTA EILE*

### 1. Barúlacha maidir leis an mBuiséad

Moltar na barúlacha maidir leis an mbuiséad atá in DB 2027 a ailíniú leis na hathruithe a rinneadh ar chaiteachas sa seasamh ón gComhairle agus go háirithe ranníocaíochtaí an Aontais le maoiniú chomhlachtaí éagsúla an Aontais. Forchoimeádann an Chomhairle an deis féachaint arís ar na barúlacha níos déanaí sa phróiseas.

### 2. Ainmníocht

A mhéid a bhaineann le hainmníocht, moltar go nglacfaí le DB 2027. Chun an tsoiléireacht agus an trédhearcacht is gá don phróiseas buiséadach a sholáthar, forchoimeádann an Chomhairle an deis ainmníocht athbhreithnithe a mholadh tráth is faide anonn sa phróiseas.

### 3. Bunúis dlí

Tugtar aire ar leith d'fhorálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le bunúis dlí.

## IV. CONCLÚID

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid seo a leanas:

  - toradh na n-imeachtaí mar a leagtar amach i bpointe III thuas é,

  - go dtabharfaí sainordú don Uachtaránacht an seasamh ón gComhairle mar aon leis an meabhrán míniúcháin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 314(3) CFAE, agus an dréachtlitir a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 2 a fhormheas chuige sin,

  - go molfaí don Chomhairle na ráitis a thaifeadtar in Aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo a chur isteach ina miontuairiscí, agus

  - go bhfoilseofaí an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027, mar a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 é, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/1242 ón gComhairle[17], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn le haghaidh an ghlactha.

---

[17] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2022/1242 an 18 Iúil 2022 lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 190, 19.7.2022, lch. 137, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1242/oj).

# DRÉACHTBHUISÉAD GINEARÁLTA AN AONTAIS EORPAIGH DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2027

## SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314(3) de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. An 9 Iúil 2026, thíolaic an Coimisiún togra ina raibh dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027[18],

2. Scrúdaigh an Chomhairle an togra ón gCoimisiún d'fhonn seasamh a shainiú a bheidh comhsheasmhach, ó thaobh ioncaim de, le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena leasaítear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom[19], agus, ó thaobh caiteachais de, le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[20], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[21].

---

18 COM(2026) 300 final.
19 IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj.
20 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.
21 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

TAR ÉIS A CINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

An 4 Meán Fómhair 2026, ghlac an Chomhairle seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán[22] nó é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle:

https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/public-register-search

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 4 Meán Fómhair 2026.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[22] 11547/26 + ADD 1 + ADD 2.

**<u>IARSCRÍBHINN 2</u>**

<u>DRÉACHTLITIR</u>

ó : Uachtarán na Comhairle

go dtí: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip : Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin,

Gheobhaidh tú, faoi chlúdach ar leithligh, an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027, mar a ghlac an Chomhairle é.

(Clabhsúr dea-mhéine)